AMÁRAĊ

3d

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtán seaċtainiúil na Gaeltaċta.
Abair fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

Iml. 11. Uiṁ. 31. 10ú Meán Fómair, 1965.

Leitċeal ar an Gaeltaċt Arís

Estáit Tionsclaċ do Gaillim — aċ cen áit?

Ní Ṁolann Coiste Ionad Forbarta a Ḋaṫ do Gaeltaċt Dún na nGall

Tá an Gaeltaċt caite i leaṫ taoḃ arís san tuarascáil ón coiste ionad forbarta agus estáit tionscalaċ a foillsíoḋ ar na mallaiḃ.

Níl faic ar bit ráite acu do Gaeltaċt Dún na nGall aċ molann tráċtaireaċt ón Ċoiste Tionsclaċ go bféadfaí forbairt a déanaṁ i dtuaisceart agus lár Dún na nGall —áit naċ bfuil Gaeltaċt.

Moltar estáit tionscalaċ do Gaillim aċ níl sé soiléir an caṫair na Gaillimhe atá i gceist nó áit éigin sa condae — agus má sea ciacu an tIarṫar nó an tOirṫear.

Loiceaḋ ar an Gaeltaċt arís agus arís eile i gcúrsaí oideaċais aċ d'féadfaḋ sé gur seo an ceann is measa fós nó is cosúil gur de réir ionad forbarta a béas fós pobal san am roṁainn.

Sna contaeta den Poblaċt atá ag críoċantaċt le Condaeta Doire, Fearmanaċ, agus Tír Eogain. d'féadfaí cur lena gcumas forbarta eacnaṁaí de barr caidreaṁ eacnaṁaíoċ níos dlúiṫe leis na Sé Contaeta. Tar aon ċeantar eile, ba mór tábaċt beart mar sin do tuaisceart is do lár Tír Ċonaill, deirtear i gcuntas miniṫe ar Tuarascáil an Ċoiste um Lárionaid Forbarta is Eastáit Tionslaíoċa a d'fóilsiġ Oifig an tSoláṫar ina leabrán le déanaí.

Ba ċóir do na foirne forbarta Contae agus na dreamanna eile a mbaineann an scéal leo smaoineaṁ ar beartais speisialta a feiḋmiú a spreagfaḋ forbairt eacnaṁaíoċ i gcuid de na bailte móra atá ann ċeana, i ngaċ uile ċeann de ċontaeta an Iarṫuaiscirt.

Más féidir beartais mar sin a ċeapaḋ agus a feiḋmiú cuideoiḋ leis na contaeta seo a ardú go dtí an leibéal atá sroiċte ag an gcuid eile den tír agus meaṫ an pobail iontu a ċosc.

Má leanann an meaṫ sin móran níos faide beiḋ sé ró-ṁall leis an gclaonaḋ a aṫrú.

Is i gcontaeta an Iar-Tuaiscirt, mar tá an Cabán, Dún na nGall, Liatroim, Longport, Maiġ Eó, Muineaċán, Ros Comáin ⁊ Sligeaċ, is mó an ráta imirce ⁊ is maille an forbairt eacnamaíoċ, le blianta beaga anuas.

Níl aon Lárionaid sna réigiúin sin Tír oċnaill agus Sligeaċ - Liatroim a mbeaḋ tionċar tábaċtaċ ag a forbairt ar eacnaṁaíoċt iomlán na réigiún, deirtear sa leabrán, a d'ullmaiġ Coiste Críoċa Ginearálta an Ċomairle Náisiúnta um Eacnaṁaíoċt Tionsclaíoċ faoi ċeannas an Uasal T. Whitaker, caṫaoirleaċ.

Lena ċois sin, is éadóċa go gcuideoḋ sé ar an bpointe le contaeta eile an Iar-tuaiscirt, lárionaid a bunú sna réigiúin eile a bfuil na contaeta sin curṫa isteaċ leo.

Tá cuntas sa Tuarascáil ar Lárionaid Forbarta in Iarṫar na hEorpa, go háiriṫe Lár na hAlban, Oirṫuaiscirt Sasana, na Sé Ċontaeta, an Ísiltír agus an Fraince.

Sna Sé Ċontaeta tugtar deontais suas le 33⅓ p.c. de ċostas foirgniṁ na monarċán, aċ gan dul tar £70,000 in aon bliain aṁáin. Nó cuirtear iasaċtaí, nó deontais is iasaċtaí le ċéile, ar fáil. Ceadaiṫear deontas le hagaiḋ innealra is trealaim, aċ gan dul tar £130,000 in aon bliain aṁáin d'aon monarċa aṁáin.

25 p.c. de ċostas monarċan ⁊ 10 p.c. le hagaiḋ innealra a ċeadaiṫear sa Ḃreatain Mór, aċ tógann an Rialtas ansin monarċana in eastáit tionsclaíoċa ⁊ ligeann ar cíos iad freisin.

Déantar an rud ċéanna san Iodáil, aċ ní ċuirtear ar fáil eastáit tionsclaíoċa mar a bunaíoḋ sa Ḃreatain. 20 p.c. de ċostas monarċan agus 10 p.c. de ċostas innealra a ċeadaiṫear sa tír sin.

Tá an Casa Per il Mezzogiorni ar bun ina dream neaṁspleáċ Stáit ó 1950 agus coṫú forbairt eacnaṁaíoċ réigiúin neaṁ - forbarta Ḋeisceart na hIodáile mar ċúraṁ air.

Tá timpeall 40 p.c. de talaṁ is de pobal na hIodáile sa limistéar sin.

Faiġeann an Casa an t-airgead ó Státċiste na hIodáile agus ón mBanc Doṁanda.

Maidir le hÉireann, cé go bfuil a lán le foglaim ó lárionaid forbarta i dtíorta eile ní ionann an scéal acusan agus ag an tír seo.

Ba é a bpríoṁċuspóir in áiteanna eile nuaforbairt tionsclaíoċ a treorú ó limistéir tiubtionscail isteaċ go dtí limistéir ina raiḃ gá le fostaíoċt tionsclaíoċ.

Is é a teastaíonn in Éirinn cur go mór leis an méid tionscail sa tír ar fad de barr an timpeallaċt atá riaċtanaċ do méadú mar é a ċruṫú.

Ní mór freisin, braṫ níos mó ar scil gnólaċtaí ón taoḃ amuiġ, i bforbairt an tionscail, ná mar is gá i dtíorta atá níos forbarta ná í.

An bfuil áit fóirstineaċ sna paráistí sin? Anois an t-am acu le dul ċun oibre agus a léiriú go bfuil.

Eagarfocal. 10-9-65.

Estait Tionsclaċ

Foillsíoḋ dá doiciméid an tseaċtain seo caite a bfuil abar spéise ar leit don Gaeltaċt ionta agus a bféadfaḋ baint mór a beit acu le slánú nó milleaḋ na Gaeltaċta agus dá rún sin aiṫbeoċán nó tréigbeáil na Gaeilge. D'iad an dá doiciméid sin ná Report of Committee on Development Centres agus Comments on National Industrial Council ar sin.

Molann an coiste ionad forbarta nó estáit tionsclaċ do Gaillim aċ deireann siad naċ ndéanfaḋ estáit tionsclaċ tairbe ar bit do Dún na nGall. Fógraíoḋ ansin nar glac an Rialtas le sin agus i dtráċtaireaċt an National Industrial Council deirtear go mbeaḋ buntáiste mór i gceangal níos clósáilte leis na Sé Condaeta agus go mbeaḋ buntáiste mór anseo do "North and Central Donegal" aċ gur ceart forbairt a déanaṁ fosta "in a number of larger existing towns", lena rá go lom is ionann é agus an Gaeltaċt a caiteaṁ go hIfreann de tairbe tionscail nó obair, na tuairiscí seo.

Is dóiliġ gan géilleaḋ den tuairim go raiḃ brú trom in áit éigin lena ċinntiú naċ ngéillfeaḋ an Rialtas do Dún na nGall a ċaiteaṁ ċuig na madaiḋ de tairbe tionscail de aċ go rabtar breá sásta fad agus go mbeaḋ na buntaistí tionsclaíoċta seo le fáil ag "North and Central Donegal". Níḋ naċ ionaḋ beiḋ luċt na Gaeltaċta ag ceist caidé mar d'aontaiġ an ionadaiṫe Dún na nGall Ṫiar le seo.

In aineoin comairle coimisiún na Gaeltaċta ligeaḋ le faillí an príom seans leis an Gaeltaċt a slánú nuair a rannaḋ talaṁ lár na tíre gan freastal ar géarġá na Gaeltaċta. Caiṫfear an Gaeltaċt a slánú mar a bfuil sí anois agus níl ann do sin aċ forbairt tionsclaċ má séantar forbairt tionsclaċ ar an Gaeltaċt anois tá deire léi mar coiṁtionól nadúra. pobal coṁdaonaċ le bunaiġ geilleagraċ agus ní beiḋ ann i gceann roint blian aċ cruinniú de tiṫe saṁraḋ cuairteoirí agus luċt saoire.

Is léir óna tuairiscí seo, gan tráċt ar claonaḋ a bí ag fás le tamaill, gur in estáit tionsclaċ a béas forbairt tionsclaċ beagnaċ ar fad san aimsir roṁainn. Caiṫfiḋ luċt smuainte agus pleanála don Gaeltaċt agaiḋ a tabairt ar sin go lom láiṫreaċ. Muna ndéantar forbairt ar estáit tionsclaċ sa Gaeltaċt láiṫreaċ beiḋ sé ró-ṁall le bánú na Gaeltaċta a ċosc.

Sé an príom riaċtanas bunaiḋ do estáit tionsclaċ nó oibriṫeoirí agus tá neart daofa sin sa Gaeltaċt. Mar sin is mitiḋ áiteaċa a ṗiocaḋ ina mbeaḋ na coinneallaċa eile agus forbairt a lonnú dá réir. Go hairiḋ is gá estáit tionsclaċ áit éigin i nGaot Dobair Cloiċeannaola, áit a bfuil an uiṁir is mó daoine gan obair sa tír agus mar a bfuil an ceaṫrú cuid de Gaeltaċt na hÉireann.

CARNA

Tá na maicréil tagaiṫe. Sin an dea scéala a leaṫnaiġ tríd Conamara an tseaċtain seo caite agus ba maiṫ an scéala é. Níor fan siad i bfad cois cósta áṫaċ go dtug siad an farraige doiṁin orṫa féin. Aċ dá mbeaḋ na báid móra ag na hiascairí le iad a leanúint tar Eaċras beag amaċ.

Tá éisc móra san farraige amaċ ó Conamara. Bí fios ag muintir Conamara sin i gcónaí aċ anois tá an t-eolas ag dul amaċ ar fud an doṁain. An tseaċtain seo caite bí buaċaill 14 bliana as Sasain ag iascaireaċt le sluan agus ruaim ón "Aibe Maria" agus beir sé ar scate 150 punt, taoḃ amuiġ de cósta Inis Earc.

Fáilte roiṁ an Gárda Pádraig Ó Concúir as Gaeltaċt Corca Duibne (Eanaċ Scáil) atá taréis a teaċt go dtí an Cloċán.

Tá na cúrsaí Gaeilge críoċnaiṫe i gColáiste Seosaiṁ, Carna anois agus bí timpeall 400 ar gaċ cúrsa acu.

Tá buaċaillí Ċonamara ag déanaṁ go maiṫ i gcúrsaí peile le tamall anuas. Bí an bua le trí foirne ón Iarṫar le déanaí is móide an spéis ann anois le Gaillim sa príoṁ ċluiċe arís.

Coiste Oideaċais Gairme Beaṫa Ċonndae na Gaillime
Cúrsaí Lae agus Oíċe, 1965—'66

Ranga Lae — Dáta le tosuí — 1ú Meán Fómair, 1965.
Ranga Oíċe — Dáta le tosuí — 13ú Meán Fómair, 1965.

Scoileanna Lae:

Gaillim Ṫiar:		Gaillim Ṫoir:
An Ċeaṫrú Rua		Béal Áṫa na Sluaġ
	Cluiṫí na nGael	Baile Loċa Riaċ
Cnoc na hAille	a h-imriṫear	Gort Inse Guaire
	agus tús áite	An Creagán
Cill Rónáin	do teanga	Cnoc Breac
	na hÉireann	Port Omna
Ros Muc		Dún Mór
		Tuaim
Cárna		Gleann na Madaḋ

Foras Óstaċais Muire, Baile Áṫa'n Rí (Coláiste Ċónaiṫe Óstaíoċta do Buaċaillí).

Glacfar le h-ainmneaċa ó'n 30ú Lúnasa. 1965.

Tionólfar ranga oíċe do daoine fásta i nGaeilge, Tíos, Aḋmadóireaċt, Miotalóireaċt, Tráċtáil, Ealaíon, Fuáil. Céad-Cabair agus Banaltraċt Baile, Sníomaċán, Fíodóireaċt, Datúċán, Caoladóireaċt agus Garradóireaċt ins na h-ionaid seasmaċa tuas agus in ionaid tuaiṫe ar fud an Ċonndae.

Freisin, bíonn Sraiṫ léaċtaí do Ḋaoine Fásta. Fógraiṫear na dátaí dóiḃ sin roiṁ-ré.

Cláraċa na Scol agus liostaí na n-ionad tuaiṫe in a gceanntair le fáil ó Ṗríoṁ-Oidí ins na Scoileanna éagsúla, nó ó:—

Seán Ó Doċartaiġ,
Oifig an Ċoiste, An Bóṫar Mór, Gaillim. Príoṁ-Oifigeaċ.